

Tomhais: Ag tomhas – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

Tá deiseanna ag an bpáiste...

 Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh
 

- Fiosraigh caomhnú faid, meáchain, toillte agus achair agus tabhair dúshlán roimh mhíthuiscintí féideartha trí ghníomhaíochtaí praiticiúla, m.sh., *má roinneann tú 100g de mharla ina dhá leath, is ionann meáchan iomlán an dá leath agus 100g go fóill.*
- Sainaithin an chaoi a dtomhaistear bunaoid i gcomhair faid (méadar), meáchain (cileagram), toillte (lítear) agus achair (méadar cearnach) trí úsáid a bhaint as uirlisí tomhais éagsúla.
- Déan naisc idir bonn a deich chun bogadh go solúbtha idir aonaid tomhais, m.sh., $1000m = 1km$, $1000g = 1kg$, $1000ml = 1l$.
- Cur réamheolas maidir le cruthanna 2T agus 3T i bhfeidhm agus déan iad a nascadh chun rudaí a mheas agus a thomhas, m.sh., *imlíne agus achar gnáthchruthanna agus cruthanna neamhrialta 2T, achar dromchla agus toirt cruthanna 3T.*
- Bain úsáid as eolas faoi uimhreacha chun aonaid tomhais mhéadracha a chur i gcomparáid i bhfoirm chodáin agus dheachúil agus chun iad a chur in ord, m.sh., $\frac{1}{2}l$, $0.75l$, $350ml$ a chur i gcomparáid agus in ord.


 Réasúnaíocht a dhéanamh
 

- Déan anailís ar an ngá atá le haonaid maidir le nithe a thomhas trí thomhas láimhe a dhéanamh le haonaid neamhchaighdeánacha agus chaighdeánacha.
- Cruthaigh barúlacha bunaithe ar thagarmharcanna pearsanta agus tabhair údar dóibh, m.sh., *má tá mé 140cm, ansin caithfidh an doras a bheith 180cm ar a laghad.*
- Sainaithin agus deimhnigh na huirlisí agus na haonaid tomhais chuí le haghaidh cás áirithe, m.sh., *spúnóg 10ml nó crúiscín 1 lítear.*
- Déan gníomhaíochtaí praiticiúla a éilíonn aonaid tomhais níos lú le haghaidh tomhais níos cruinne.
- Úsáid meastacháin chun suimeanna, difríochtaí, torthaí agus líonta tomhais a ríomh, (m.sh., *tá buidéal sú oráiste dhá lítear againn le roinnt ar an rang. Cé mhéad sú oráiste a bhfaighidh gach páiste, meas tú?*) agus nuair is gá nó nuair is áisiúil bain úsáid as foirmlí ginearálaithe ó thaithí.



- Déan cur síos ar an bpróiseas tomhais agus tabhair údar ar roghnú na n-aonad don tomhas, m.sh., *tá sé deacair fad seomra i gciúbanna a thomhas, níl sé praiticiúil fad chlós na scoile a thomhas ag baint úsáid as ceintiméadar.*
- Éist le meastacháin agus tomhais páistí eile, déan iad a chur i gcomparáid agus a phlé trí úsáid a bhaint as bunaoid agus as siombailí.
- Úsáid taifeadadh nithiúil, pictiúrtha agus teibí agus tú ag déanamh meastacháin agus ag tomhas.
- Fiosraigh conas is féidir le húsáid na teicneolaíochta digítí tomhais a léiriú, m.sh., *báisteach bhliantúil, conas is féidir le tomhais a ionchur ionsamhlaithe agus samhlacha a ghiniúint amhail toirt crutha 3T.*
- Forbair cur chuige córasach maidir le tomhais a thaifeadadh thar am chun athruithe/forbairtí a chur in iúl, m.sh., *airde planda.*


 Cumarsáid a dhéanamh
 

- Fiosraigh tréithe intomhaiste rudaí, dromchlaí agus coimeádán agus cuir i gcomparáid lena chéile iad i gcomhthéacsanna a bhfuil brí leo do na páistí, m.sh., *gníomhaíochtaí bácála, an fad a thomhas ón scoil go foirgnimh spéise sa cheantar.*
- Déan iniúchadh ar an gcaoi a léitear líon éagsúil d'uirlisí tomhais comónta ag baint úsáid as cruinneas méadaitheach.
- Bain úsáid as athúsáid aonaid atá ar cóimhéid chun garmheastachán a dhéanamh ar thomhais.
- Cuir eolas maidir le tomhas i bhfeidhm ar chásanna san fhíorshaol, m.sh., *cé acu is fearr luach ar airgead?*
- Déan imscrúduithe chun fadhbanna agus tascanna praiticiúla a bhaineann le níos mó ná tréith amháin a réiteach, m.sh., *pleananna urláir a dheardh chun freastal ar chritéir a bhaineann le fad agus achar, pleanáil conas pacáil a dhéanamh do thuras thar lear, áit a bhfuil srianta ar mhéid agus ar mheáchan an bhagáiste.*


 Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach
 